BUTLER GALLERY

Amy Walsh, Talking Earth 5, 2018
© Amy Walsh, 2020, Bailiúchán de chuid Ghailearaí de Buitléir, Cill Chainnigh

Bí ag Smaoineamh

Smaoinigh ar an teideal “Talking Earth”
Féach anois ar an bpictiúr. An gceapann tú go bhfuil an teideal oiriúnach?

Cén séasúr atá ann dar leat?

Meas tú ar tharla rud éigin don Domhan?
Cá bhfuil na duilleoga? Cén fáth nach bhfuil duilleoga ar na crainn?
An bhfuil an domhan sona nó brónach sa phictiúr seo?

Céard atá á rá ag an Domhan linn anseo?

Samhlaigh tú féin sa phictiúr seo
Cá bhfuil tú? An bhfuil tú faoi chrann? An bhfuil tú ag eitilt os cionn an phictiúir?
An crann tú? Nó scamall?
An tusa an ghrian nó an ghealach? Cén fáth nach bhfuil tú le feiceáil?

Bí ag Scríobh
Samhlaigh gur tusa an Domhan
Scríobh dán nó scéal ag tosnú le Is mise an Domhan

B'fhéidir go gcabhródh na smaointe seo leat …

1. D'fhéadfá tosnú le

   Is mise an Domhan
   Inniu táim faoi bhrón …

2. D'fhéadfá smaoineamh ar na séasúir …

   Is mise an Domhan
   San earrach …..

   Is mise an Domhan
   I rith an tsamhraidh …

3. D'fhéadfá dathanna a chur sa dán …

` Is mise an Domhan Mór
   Táim gorm inniu mar …

4. Smaoinigh arís ar an teideal. Cén pictiúr a dhéanfása le dul leis an teideal Talking Earth?

© Áine Ní Ghlinn